# SCÉIM NA gCOIMISIÚN (2023 - 2025)

## Téarmaí agus Coinníollacha

**Clár oibre**

- Pléifidh an t-iarratasóir agus aontóidh siad i scríbhinn le Foras na Gaeilge aon athrú ar ghné ar bith den chlár oibre nó den bhuiséad comhaontaithe don tréimhse 1 Nollaig 2023 go dtí an 1 Nollaig 2025.
- Feidhmeoidh an eagraíocht mar chonraitheoir neamhspleách agus ní mar ghníomhaire de chuid Fhoras na Gaeilge.

**Comhoibriú**

- Spreagfaidh agus cothóidh an t-iarratasóir comhoibriú le grúpaí gaolmhara eile, idir náisiúnta agus logánta, chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar an mbealach is éifeachtaí.

**Cúram an deontais**

- Lorgóidh an t-iarratasóir tairiscintí de réir na dtreoirlínte seo:

| **Tairseacha** | **An líon nó cineál tairiscintí a cheanglaítear** |
|---|---|
| Suas le €6,000/£5,000 | Ní mór do chomhlachtaí a thaispeáint gur baineadh luach ar airgead amach |
| Ó €6,000/£5,000 go €35,000/£30,000 | Trí thairiscint ar a laghad arna n-iarraidh ag an duine atá údaraithe chun sólathar a dhéanamh thar ceann an chomhlachta |
| Ó €35,000/£30,000 go tairseacha an Aontais Eorpaigh | Comórtas tairisceana arna fhógairt go poiblí |
| Ós cionn thairseacha an Aontais Eorpaigh | Comórtas tairisceana arna fhógairt go poiblí agus:<br>tá feidhm ag Treoracha an Aontias Eorpaigh – ní mór é a fhógairt in iris oifigiúil an Aontais Eorpaigh |

- Cé go bhfuil na tairseacha seo luaite mar threoir ghinearálta, ba chóir cloí chomh maith le rialacha ar bith ábhartha eile a bhaineann le caiteachas airgead poiblí sa dlinse chuí, mar shampla rialacha a bhaineann le húsáid etenders.

- Cuirfidh an eagraíocht an clár oibre i gcrích ar bhealach a chinnteoidh go mbainfidh siad feidhm chomh héifeachtach agus chomh coigilteach agus is féidir as an deontas atá ceadaithe ag Foras na Gaeilge.
- Cloífidh an t-iarratasóir leis an bpróiseas chun íocaíochtaí a éileamh mar atá leagtha amach ag Foras na Gaeilge.
- Cuirfidh Foras na Gaeilge ar ceal aon chuid den deontas nach bhfaighidh Foras na Gaeilge éileamh íocaíochta críochnúil ina leith faoin **1 Nollaig 2025** ach amháin má chomhaontaíonn Foras na Gaeilge agus an t-iarratasóir a mhalairt.
- Is gá don eagraíocht, mar dheontaí de chuid an státchiste, a ndualgais agus a riachtanais reachtúla bhainistíochta agus chuntasachta i leith caiteachais a chomhlíonadh.

**Cúrsaí foirne**

- Is ar an eagraíocht féin atá an fhreagracht foireann a earcú.
- Lorgóidh an eagraíocht iarratais trí fhógraíocht phoiblí d'aon fhostaíocht sa chlár oibre, seachas fostaíocht ócáidiúil, agus cloífidh siad le haon reachtaíocht nó rialúcháin fostaíochta.
- Beidh na rátaí tuarastail oiriúnach do dhualgais chuí gach poist a bheidh á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge.
- Ní dhéanfaidh an eagraíocht aon athrú ábhartha ar chúrsaí foirne, mar atá leagtha síos sa chlár oibre leasaithe, gan é sin a phlé agus a aontú le Foras na Gaeilge roimh ré (mar shampla, sainchuntas poist agus fógra).
- Cuirfidh an t-iarratasóir in iúl d'Fhoras na Gaeilge láithreach má tá aon athrú ar bhord nó ar choiste stiúrtha na heagraíochta.

**Poiblíocht**

- Beidh lógó agus ainm Fhoras na Gaeilge le feiceáil go soiléir i gcónaí in aon phoiblíocht, foilseachán agus suíomh gréasáin agus tabharfaidh an eagraíocht aitheantas cuí d'Fhoras na Gaeilge as ucht an mhaoinithe.
- Bunóidh an eagraíocht nasc ar a suíomh féin le máistirshuíomh Fhoras na Gaeilge www.forasnagaeilge.ie agus nasc le www.gaeilge.ie. Aontóidh siad critéir stíle maidir le haitheantais a thabhairt d'Fhoras na Gaeilge.
- Comhoibreoidh an eagraíocht le Foras na Gaeilge ar na meáin shóisialta ó thaobh poiblíochta de. Déanfaidh siad clibeáil ar chuntais Fhoras na Gaeilge ar Twitter, Facebook, Instagram

agus Linkedin agus cuirfidh an eagraíocht ríomhphoist chuig feasacht@forasnagaeilge.ie maidir le comhoibriú ar fheachtais ar leith ar na meáin shóisialta.

- Cláróidh an eagraíocht aon imeacht, ócáid nó rang ar an lárphointe eolais don Ghaeilge, PEIG.ie, ar an nasc seo: https://peig.ie/claraigh-imeacht/.

**Monatóireacht**

- Beidh sé de chead ag Foras na Gaeilge measúnú a dhéanamh, ag am réasúnta ar bith, ar chur i gcrích an chláir oibre agus ar luach maoinithe an deontais atá ceadaithe.
- Coimeádfaidh an eagraíocht cuntais agus taifid faoi chaitheamh an deontais go ceann seacht mbliana ón dáta a n-íocfaidh Foras na Gaeilge an sciar deireanach den deontas.
- Beidh sé de chead ag Foras na Gaeilge agus a ngníomhairí agus ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste (ó thuaidh agus ó dheas) na cuntais agus na taifid sin a scrúdú ag am réasúnta ar bith.
- Cuirfidh an eagraíocht cuntais iniúchta ar fáil don bhliain atá díreach caite in am agus i dtráth.
- Beidh sé de chead ag Foras na Gaeilge aon chuid den deontas a bheidh íoctha a aisghairm má bhaintear mí-úsáid as an deontas.
- Beidh sé de chead ag Foras na Gaeilge aon chuid den deontas a bheidh gan íoc a chealú má sháraíonn an eagraíocht gan cead oifigiúil, i dtuairim Fhoras na Gaeilge, aon cheann de na téarmaí nó coinníollacha thuasluaite, ach amháin má thagann siad ar réiteach chun sástacht Fhoras na Gaeilge.